2023/2308

19.10.2023

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 20/2023

an 3 Feabhra 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2308]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) 236/2012 ([1]), ionchorpraíodh iad i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 18/2019 ó Chomhchoiste LEE an 8 Feabhra 2019 ([2]) agus tagraítear dóibh i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE.

(2) Na coinníollacha le haghaidh soláthar seirbhísí sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a dhéanann taisclann lárnach urrús atá bunaithe i dtríú tír, rialáiltear iad le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.

(3) Le hoiriúnú (c) i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, deonaítear maolú do Lichtinstéin chun cead a thabhairt do thaisclanna lárnacha urrús tríú tír a sholáthraíonn seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 cheana féin d'idirghabhálaithe airgeadais i Lichtinstéin nó a bhfuil brainse curtha ar bun acu i Lichtinstéin cheana féin leanúint de na seirbhísí sin a sholáthar ar feadh tréimhse suas le 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 18/2019 ó Chomhchoiste LEE an 8 Feabhra 2019.

(4) Ba cheart oiriúnú (c) i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun cead a thabhairt do thaisclanna lárnacha urrús tríú tír a sholáthraíonn seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 cheana féin d'idirghabhálaithe airgeadais i Lichtinstéin nó a bhfuil brainse curtha ar bun acu i Lichtinstéin cheana féin leanúint de na seirbhísí sin a sholáthar ar feadh tréimhse nach faide ná 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Mar sin féin, má dhéantar leasú ar Airteagail 25 nó 69 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 le linn na tréimhse sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnú (c) dá réir.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs oiriúnú (c) i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'Féadfaidh Lichtinstéin cead a thabhairt do thaisclanna lárnacha urrús tríú tír a sholáthraíonn seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) cheana féin d'idirghabhálaithe airgeadais i Lichtinstéin nó a bhfuil brainse curtha ar bun acu i Lichtinstéin cheana féin leanúint de na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) a sholáthar ar feadh tréimhse nach faide ná 7 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh 20/2023 ó Chomhchoiste LEE an 3 Feabhra 2023.'

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 1.
([2]) IO L 60, 28.2.2019, lch. 31.

Airteagal 2

Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha athbhreithniú ar oiriúnú (c) i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX agus iad ag ionchorprú i gComhaontú LEE aon ghnímh lena leasaítear Airteagal 25 nó 69 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 nó aon ghnímh a chuirtear ina n-ionad.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 4 Feabhra 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Feabhra 2023.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.